

❖ An Lúibín ❖

31 Lúnasa 2007

Clár Fulbright

The Fulbright Program is an American institution dedicated to cross-cultural understanding; one of its beneficiaries is the Irish language.

Ní mór Clár Éireannach Fulbright a áireamh ar na rudaí maithe a tháinig as na Stáit, agus múinteoirí Gaeilge á gcur anonn ó Éirinn dá bharr chun institiúidí tríú leibhéal thall.

Tá baint ag an gclár úd leis an mbunChlár Fulbright a cuireadh ar bun sa bhliain 1946 faoi choimirce an Seanadóir William Fulbright ó Stát Arkansas chun caidreamh cultúrtha idir tíortha difriúla a chothú in áit faltanais agus cogaidh. Ar chuspóirí an Chláir tá múineadh na dteangacha iasachta a neartú i gcoláistí agus in ollscoileanna Mheiriceá, agus faill a thabhairt do na hoidí eolas a fháil ar shaol na tíre.

Sa bhliain 1957 a cuireadh an Clár Éireannach ar bun, agus An Bord Scoláireachtaí Cómhalairte á reachtáil. Cuireadh an Coimisiún Fulbright ar bun sa bhliain 1992 chun cómhairte oideachais a dhéanamh, agus airgead á fháil chuige ón dá rialtas agus ó lucht gnó. Is é an *Fulbright Ambassador's Golf Cup* a sholáthraíonn cuid den airgead le haghaidh na ndámhachtainí a bhronntar ar mhic léinn iarchéime agus scoláirí iardhochtúireachta. Tá ochtar ball ag an gCoimisiún, ceathrar ó Éirinn agus ceathrar ó na Stáit.

Is é Clár Éireannach Fulbright an chómhairte oifigiúil scolaíochta idir Éire agus na Stáit. Cuid den chómhairte is ea na mic léinn agus na scoláirí ó na Stáit (timpeall dáréag díobh) a thagann chun na hÉireann.

I mbliana cuirfear áit ar fáil do scoláire in Institiúid Mhic Eochaidh Uí Neachtain um an Léann Éireannach in Ollscoil Notre Dame, agus airgead faighte chuige ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Táthar ag súil go gcuirfidh an Clár an Ghaeilge ar aon chéim leis na teangacha Eorpacha eile atá á múineadh i Meiriceá. Beidh na scoláirí páirteach i gciorcail chaidrimh agus i rudaí a bhaineann leis an saol amuigh, agus tá cúigear múinteoirí tofa don bliain 2007-2008. As na hollscoileanna dá bhformhór, agus tabharfaidh siad a n-aghaidh ar ollscoileanna eile – Ollscoil Illinois Theas i gCarbondale, Ollscoil Naomh Tomás i Minnesota, Coláiste Lehman, Ollscoil Notre Dame agus Ollscoil Chathrach Nua Eabhraic.

Féach www.fulbright.ie.



Catalóinis ar pár

Catalan, one of the minority languages of Spain, is receiving international attention. And there is an Irish connection.

la vida em vol donar heretaments
e d'aquests dons vol que sia senyor

Is mian leis an saol tiomnacht a thabhairt dom, agus is mian leis go mbeinn i mo mháistir uirthi.

Línte le hAusías March, duine d'fhillí móra na teanga Catalóinise. Is fada marbh é, ach tá filí fós ann agus prósóirí, agus tá an teanga chomh bríomhar is a bhí riamh – teanga Rómánsach atá níos casta agus níos cnapánaí ná an Chaistílis, litríocht saibhir aici agus í á labhairt ag timpeall seacht milliún duine. In oirdheisceart na Spáinne atá an Chatalóin, ach ní san áit sin amháin atá an teanga le fáil: tá *Països Catalans* ann i ndeisceart na Fraince (Rossellonès/Roussillon), i seanríocht na Vaileinse, i bPoblacht Andorra, sna hOileáin Bhailéaracha, agus in Alghero i Sairdín na hIodáile.

Bhí an litríocht ag meath de réir a chéile go dtí gur tháinig *Renaixença* an 19ú haois, athbheochan a chuir neart nua san fhilíocht go háirithe. Sa bhliain 1859 cuireadh an t-oireachtas liteartha *Jocs Florals* ar bun agus bhí an-ghlaoch air ó thús. Níorbh fhearrde an teanga teacht Franco, fear ar bheag air an réigiúnachas, ach tá lá nua aici anois. Tá a rian sin uirthi i mbliana i mBarcalóin, áit a bhfuil an cultúr á mholadh le féile fhada, agus i mbliana tabharfaidh Aonach Leabhar Frankfurt (10-14/10/07) aitheantas ar leith don Chatalóinis.

Tá leabhair Chatalóinise á n-aistriú go teangacha eile leis na blianta fada, go háirithe go Caistílis: d'fhéadfaí saothar dorcha liriciúil Mhontserrat Roig a lua mar shampla. Anois tá Aonach Frankfurt agus Institut Ramon Llull ag tairiscint deontas d'fhoilsitheoirí idirnáisiúnta le leabhair Chatalóinise a aistriú.

Tar éis imeacht Franco thosaigh an Rialtas ag roinnt airgid go fial ar fhoilsitheoirí beaga na Catalóinise ach is beag nach ndeachaigh an tobar sin i ndísc, rud a chuir deireadh leis an gcuid is mó de na foilsitheoirí céanna. Fágann sin nach furasta do scríbhneoirí nua iad féin a chur os comhair an phobail.

Tá Ríona Nic Congáil (a bhfuil a hainm luaite cheana ag *An Lúibín*) ar na hÉireannaigh a chuireann spéis sa cheist seo: scoláire agus údar í (*An Túr Solais*, Coiscéim 2004, *An Leabhar Órga*, Coiscéim, 2006), agus tá suim ar leith aici in *L'Associació de Joves Escriptors en Llengua Catalana* (Cumann Scríbhneoirí Óga na Catalóinise) an t-aon chumann dá chineál, mar a deir sí, do scríbhneoirí óga san Eoraip. Scríbhneoirí atá faoi bhun 35 bliana atá sa chumann, agus ba mhaith le Ríona a leithéid a bhunú in Éirinn chun go bhféadfadh scríbhneoirí óga cuidiú lena chéile agus lena gcúis.

Tá timpeall céad ball sa chumann Catalónach, uimhir atá mór go leor agus gach rud curtha san áireamh. Deirtear nach beag an t-eolas atá acu ar stair liteartha na hÉireann. Ba mhaith le Ríona eolas a fháil ó dhaoine óga a bheartaíonn peann i nGaeilge agus arb áil leo teacht le chéile. An seoladh: scribhneoiri.oga@gmail.com.



Parlaimint na hEorpa 2008

The European Parliament has, in one form or another, been in existence for fifty years. In 2008 the champagne and the money will start to flow.

Tá liosta deontas fógartha ag Parlaimint na hEorpa don bhliain 2008 - bliain cheiliúrtha 50 bliain na Parlaiminte.

Beidh an Pharlaimint ag iarraidh faisnéis a thabhairt do shaoránaigh na 27 ballstát faoina bhfuil ar siúl aici. Chomh maith leis sin, tá an bhliain 2008 ainmnithe mar *Bhliain an Chomhphlé Idirchultúrtha*. Aithnítear gur gá lánaitheantas a thabhairt don ilchineálacht chun go mairfeadh daoine go síochánta ar scáth a chéile.

Tá 492 milliún saoránach san AE agus 785 Feisire Eorpach, agus beidh an chéad toghchán eile ann sa bhliain 2009 i gcomhair tréimhse cúig bliana.

Maoineoidh an Pharlaimint dreamanna áirithe chun eolas ‘cruinn neamhchlaonta’ a scaipeadh agus chun cuidiú le daoine dul amach ar an ilchineálacht chultúrtha. Cuirfear an t-airgead ar fáil mar a leanas:

Cómhaoiniú ar chlár theilifíse fhaisnéiseacha faoi *50 bliain de Thionól Parlaiminteach na hEorpa*;

Tacaíocht do dhíospóireacht phoiblí agus do chomhdhálacha poiblí faoin gcomóradh, faoi fheidhmiú na Parlaiminte nó faoi thionscnaimh a thugann léargas ar an ilchineálacht;

Tacaíocht d'ócáidí móra, d'aonaigh agus do thaispeántais;

Cómhaoiniú ar ghréasáin nuálaíochta agus ar thionscnaimh eile idirlín atá ag cruthú ‘spáis phoiblí, pholaitiúil agus Eorpaigh’.

Is é 1/10/07 an spriocdháta d'arratais. Dá fhiúntaí é an cuspóir is deacair an t-ábhar a dhéanamh blasta, agus beidh an t-airgead tuillte go maith ag an té a mhúscloídh spéis an phobail in obair ilghnéitheach na Parlaiminte.



Feidhmiú na Gaeilge san AE

Irish in the EU is as useful as you make it, and the most telling evidence consists of job advertisements - as for secretaries, below.

Tá comórtas oscailte fógraithe ag an AE le haghaidh cúntóirí rúnaíochta a bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga acu.

Deirtear, i mbéarlagair míchumtha na gcléireach, go mbeidh sé riachtanach ag iarratasóirí:

(i) leibhéal iar-mheánoideachais a bheith acu agus dioplóma nó teastas bainte amach acu in earnáil atá bainteach leis an staidéar sin

nó

(ii) leibhéal meánoideachais a bheith acu agus teastas nó dioplóma a thiomnaíonn an staidéar sin, ina bhfuil rochtain ar leibhéal iarmheánoideachais agus taitní ghairmiúil ar feadh trí bliana ar a laghad atá bainteach leis na freagrachtaí sin.

(Rinneamar na dearmaid ghramadaí agus litrithe a cheartú.)

Bóthar gan bhac

A site of interest to archeologists in Co Meath is to have a road put through it, thanks to a statutory direction declaring that it is sufficient to record a site without preserving it physically.

Tá An Bord Pleanála tar éis cead a thabhairt an mótarbhealach M3 a thabhairt trí láithreán an tséadchomhartha náisiúnta ag Lios Maoláin i gCo na Mí (féach *An Líubín* 3/8/07). Deir na daoine atá ag cur ina choinne go sáraíonn seo reachtaíocht an AE agus go bhféadfaidís dul chun an dlí.

Rinne an Bord tagairt d'ordú a thug an Rialtais go gcaomhnófaí an séadchomhartha 'i gcuntas' seachas ar an láithreán. Dá bhrí sin níl gá le ráiteas nua timpeallachta, agus is tábhachtach an sampla é seo má dhéantar séadchomhartha feasta d'aon cheann de na hocht láithreán seandálaíoch is tríocha a ainmníodh sa bhunráiteas timpeallachta.

An seanAire Comhshaoil a rinne an t-ordú agus é ag brath ar leasú san Acht, agus deir an tAire atá anois ann nach bhfuil sé de chumas aige de réir dlí an t-ordú sin a athrú.

Tá an grúpa *TaraWatch* ag smaoinreamh ar conas a d'fhéadfaí cur i gcoinne an chinnidh. Tá gearán faoin scéal curtha faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, agus deir an grúpa gur féidir leis an Aire scrios an láithreáin a mhoilliú. Rinne siad tagairt d'ordú a rinne Aire eile chun iarsmaí Lochlannacha a chaomhnú trí bóthar a chur ar mhalairt slí ag Port Láirge.



Comhshamhlú

Ireland is struggling to become multicultural – and part of that struggle is teaching newcomers English.

Ní nach ionadh, taispeánann taighde a rinne faoi choimirce Phlean Náisiúnta an Fhrithchiníochais gur easpa Béarla is mó a bhacann ar eachtrannaigh in Éirinn a bheith páirteach i saol na tíre. Grúpa stiúrtha a rinne an taighde, grúpa a cuireadh ar bun chun plean ilchineálachta agus frithchiníochais a dhéanamh i gcomhair Chomairle Dhún Laoghaire. Tá 18,000 eachtrannach ann anois, agus d'iarr an grúpa go gcuirfí ranganna Béarla ar fáil go saor nó saor in aisce.

Tá iarracht á déanamh sna scoileanna: caitheadh €105m idir na blianta 2004 agus 2006 ar mhúinteoirí cúnta nach ndearna ach Béarla a mhúineadh do pháistí ó thíortha eile. Tá timpeall 1,450 múinteoir den saghas sin ann anois agus gá lena thuilleadh.

Tá baint ag na pleananna úd le húdaráis áitiúla agus forais phoiblí eile, agus rinneadh an chéad plean i gCo na Gaillimhe anuraidh. Faoi dheireadh na bliana beidh a leithéidí eile le fáil i lár Bhaile Átha Cliath, i gCo Ros Comáin agus i gcontaethe eile.

Tarraingíodh ceist an chomhshamhlaithe chultúrtha anuas ag Scoil Samhraidh Merriman freisin i mbliana. Dúirt Piaras Mac Éinrí ó UCC gur beag a rinneadh chun curaclam coitianta Béarla a sholáthar do dhaoine fásta nó chun ranganna a chur ar fáil tríd an VEC (an Coiste Gairmoideachais), agus go raibh moill ar Ranna éigin, go háirithe an Roinn Oideachais, a aithint cén gá a bhí le hord agus eagar a chur ar an obair. Dúirt sé go raibh gá mór le cláir áitiúla agus gurbh éigean dul i gcomhairle le cách.

Is é a thuairim go mb'fhéidir go mbeadh tuiscint nua ar thábhacht na Gaeilge dá mbeadh meas ar theangacha eile agus ar chultúir eile mar chuid de shaol na tíre.

Dúirt an tOllamh Mary Hickman ó Ollscoil Mhórchathrach Londan gur chosúil Éire leis an gcuid is mó de na náisiúntaí eile sa mhéid gur mheascán í, rud a tharla de bharr coimhlint

fhada mhíchothrom idir cúltúir dhifriúla agus idir fórsaí polaitiúla nó geilleagracha. Ba ghá é seo a aithint agus ilchultúrachas á shaothrú san aois nua.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au
nó chun: ColinG.Ryan@ato.gov.au**

*If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to
colger@melbpc.org.au or ColinG.Ryan@ato.gov.au*